# CINNEADH (CBES) 2022/2276 ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Samhain 2022

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009 ([1]).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2019/2009 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontuithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) D'iarr an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) go gcuirfí síneadh 13 mhí le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2019/2009, go dtí an 23 Eanáir 2024, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2019/2009 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh gan chúis gan údar.

(4) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/2009 go dtí an 23 Eanáir 2024 a fheidhmiú gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart glacadh leis an iarraidh ar shíneadh trí Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2019/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gCinneadh (CBES) 2019/2009, Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 23 Eanáir 2024.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle an 2 Nollaig 2019 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 312, 3.12.2019, lch. 42).